Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education
2013

# Sláinte agus Cúram Sóisialta: Teastas Dúbailte

## Aonad DA2: Cúram Ardcháilíochta a Chur Chun Cinn

**[GHS41]**

**DÉ hAOINE 31 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **trí** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **2(b)**, **2(c)** agus **3(d)(iii)**.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| Marc Iomlán | |

## Treoir

Ba chóir do do thasc díriú ar chéim bheatha na naíonachta agus tabhairt faoi na rudaí seo a leanas:

- fás agus forbairt le linn na naíonachta
- riachtanais na naíonán agus an dóigh ar féidir iad a chomhlíonadh i suíomh luathbhlianta
- straitéis reatha cothú cíche do Thuaisceart Éireann, a dhíríonn ar bhuntáistí an chothaithe cíche
- aiste shláintiúil bia sa naíonacht
- fáil ar sheirbhísí
- an dóigh a dtugann an clár Sure Start tacaíocht do thuismitheoirí agus do naíonáin
- socruithe maoinithe don earnáil phríobháideach
- róil, freagrachtaí, scileanna agus cáilíochtaí na ngairmithe sláinte agus na n-oibrithe luathbhlianta
- luachanna agus prionsabail earnáil na luathbhlianta agus sheirbhísí na bpáistí (leanaí) a chur i bhfeidhm
- an dóigh a dtiocfadh le mná cabhrach na limistéir seo a leanas ó Chód an NMC um Iompar Gairmiúil na mBan Cabhrach (*The NMC Code of Professional Conduct*) (Bealtaine 2008) a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre:
  – meas a bheith acu ar an chliant mar dhuine aonair
  – eolas gairmiúil a chothabháil
  – toiliú (aontú) a fháil roimh chóireáil a thabhairt
- cineálacha tacaíochta atá ar fáil do naíonáin agus dá máithreacha
- polasaithe cosaint leanaí i suíomhanna luathbhlianta
- Straitéis Frithbhochtaineachta agus Cuimsiú Sóisialta do Thuaisceart Éireann, a dhíríonn ar na spriocanna agus ar thacaíocht do thuismitheoirí sna luathbhlianta (0-4)

Déanfar measúnú ar an eolas seo le scrúdpháipéar 1 uair 30 nóiméad:
Aonad DA2: Cúram Ardcháilíochta a Chur Chun Cinn.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1**



Tá Seosamh aon bhliain d'aois. Tá sé ina chónaí lena mháthair agus lena athair. Bíonn a mháthair ag obair trí mhaidin sa tseachtain agus le linn an ama seo, fanann Seosamh le feighlí leanaí.

**(a)** Maireann an naíonacht ó 0 go dtí _______________ bliain. [1]

**(b)** Nuair a bhí gríos ar a chraiceann ag Seosamh, thug a mháthair chuig dochtúir an teaghlaigh é.

**(i)** Sainaithin an cineál seo atreoraithe.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Bhí imní ar an dochtúir faoi Sheosamh. Mínigh cad é an cineál atreoraithe a dhéanfadh an dochtúir le fiosrú breise a dhéanamh.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(c)** Tá Seosamh ag fás agus ag forbairt de réir na norm dá chéim bheatha.

Pléigh an dóigh, dar leat, a ndéanfadh Seosamh fás agus forbairt go fisiciúil sa chéad bhliain dá shaol.

[6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Tugadh cothú cíche do Sheosamh go dtí go raibh sé 6 mhí d'aois. Tá straitéis do chothú cíche i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann a chuideoidh le cothú cíche a chur chun cinn agus le tacaíocht a thabhairt dó.

Pléigh na buntáistí a bhaineann le cothú cíche le linn naíonachta do na grúpaí seo a leanas:

Naíonáin

[3]

Páistí (leanaí) níos sine

[3]

Máithreacha

[3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(e)** Bhí coinní rialta ag Seosamh agus ag a mháthair le haltra ceantair. Pléigh dhá cheann de na róil/freagrachtaí a bhíonn ag altra ceantair.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(f)** Mínigh an dóigh a bhféadfaí an tseirbhís feighlíocht leanaí (páistí) a bhíonn ag Seosamh a mhaoiniú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(g)** Mínigh dhá cheann de na róil/freagrachtaí a bhíonn ag feighlí leanaí.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

2. ______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________ [2]

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**2**



| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Tá Milly trí bliana d'aois agus bíonn sí ag freastal ar Naíolann Lae na Seiceamar le linn dá máthair bheith ar obair.

**(a)** Comhlánaigh an tábla thíos lena phlé cad iad na dóigheanna a mbeadh an fhoireann sa naíolann in ann riachtanais Milly a chomhlíonadh.

| | |
|---|---|
| Riachtanas fisiciúil – aclaíocht | [3] |
| Riachtanas intleachtúil – deiseanna le foghlaim a dhéanamh | [3] |

| | |
|---|---|
| Riachtanas mothúchánach – féinmheas | [3] |
| Riachtanas sóisialta – idirghníomhú le daoine eile | [3] |

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

**(b)** Baineann Milly sult as a lón sa naíolann leis na páistí eile.

Déan anailís ar an dóigh a gcuireann aiste chothrom shláintiúil bia fás agus forbairt chun cinn le linn naíonachta.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

[9]

**(c)** Mínigh an dóigh a dtiocfadh le cúntóirí naíolainne na luachanna agus na prionsabail seo a leanas a bhaineann le hearnáil na luathbhlianta agus na bpáistí a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre.

Deiseanna comhionanna a chur ar fáil

Obair a dhéanamh le gairmithe eile

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

Rúndacht a choinneáil

[9]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Beidh polasaí cosaint leanaí (páistí) i bhfeidhm ag Naíolann na Seiceamar leis na leanaí faoina cúram a chosaint.

Mínigh cad é ba chóir a chur san áireamh sa pholasaí seo.

[6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**3**



Ar na mallaibh, saolaíodh babaí fir d'Aingeal san ospidéal.

**(a)** Sainaithin ceithre scil agus cháilíocht atá de dhíth ar bhean chabhrach.

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

4. ______________________________ [4]

**(b)** Caithfidh mná cabhrach clárú le Comhairle na nAltraí agus na mBan Cabhrach agus caithfidh siad a gCód Iompar Gairmiúil a leanúint.

Pléigh an dóigh ar féidir le mná cabhrach na réimsí seo a leanas ón Chód Iompar Gairmiúil a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre.

Meas a bheith ar an chliant mar dhuine aonair

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

Eolas gairmiúil a chothabháil

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

____________________________________________________________ [3]

Toiliú (aontú) a fháil roimh chóireáil a thabhairt

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

____________________________________________________________ [3]

**(c)** Mínigh dhá chineál dhifriúla tacaíochta a thiocfadh leis an bhean chabhrach a thabhairt d'Aingeal i ndiaidh na breithe.

1. ____________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

____________________________________________________________ [2]

2. ____________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

____________________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Sonraíonn an sprioc i Straitéis Frithbhochtaineachta agus Cuimsiú Sóisialta an rialtais do Thuaisceart Éireann a bhaineann le luathbhlianta “is é an sprioc atá againn ná cinnte a dhéanamh de go mbeidh seans ag gach aon leanbh a chumas iomlán a fhorbairt sa naíonacht, taobh istigh de thimpeallacht oiliúnach, gan aird ar chúlra sóisialta”.

**(i)** Sainaithin trí cinn de na spriocanna atá leagtha amach acu leis an aidhm seo a chur i gcrích.

1. ______________________________________________

______________________________________________ [1]

2. ______________________________________________

______________________________________________ [1]

3. ______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Mínigh trí dhóigh a dtugann an rialtas tacaíocht do thuismitheoirí.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

3. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(iii)** De réir na straitéise "is í aidhm Sure Start sláinte agus forbairt mhothúchánach a fheabhsú do leanaí óga agus chomh maith leis sin tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí ina ról mar thuismitheoirí". Déan anailís ar raon na seirbhísí a chuireann Sure Start ar fáil.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

[9]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.